Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025
(OR. en)**

**15917/25**

**POLGEN 209
INST 408**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Uachtaránacht na Cipire – Cathaoirleacht ar Mheithleacha áirithe a bheith ag toscaireachtaí eile, arna iarraidh sin d'Uachtaránacht na Cipire (sa chéad leath de 2026) |

Is mian leis an Ardrúnaíocht a chur in iúl don Chomhairle gur iarr an Chipir, mar shealbhóir ar an Uachtaránacht don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2026, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go ndéanfadh an Danmhairg agus Éire cathaoirleacht ar Mheithleacha agus ar fhoirmíochtaí áirithe díobh le linn na tréimhse sin thar ceann Uachtaránacht na Cipire.

Leagtar amach sa liosta thíos na socruithe sin.

Moltar go n-aontódh an Chomhairle leis na socruithe sin i gcomhréir le hAirteagal 19(4) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**Iarscríbhinn**

**Cathaoirleacht ar Mheithleacha áirithe a bheith ag toscaireachtaí eile**

**le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2026**[1]

| **Meitheal**[2] | **An toscaireacht a dhéanfaidh cathaoirleacht** |
|---|---|
| An Mheitheal um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin (A.21) | Is í an Danmhairg a bheidh ina cathaoirleach uirthi |
| An Mheitheal um Acmhainní Géiniteacha agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht<br>- Cearta Póraitheoirí Plandaí (F.5.b) | Is í Éire a bheidh ina cathaoirleach uirthi |
| An Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil (J.2)<br>- WPIEI Basel<br>- WPIEI UNECE — An Coinbhinsiún maidir le hAerthruailliú Trasteorann Fadraoin (CLRTAP)<br>- WPIEI Ceimiceáin/Sineirgí Idirnáisiúnta | Is í an Danmhairg a bheidh ina cathaoirleach uirthi |
| An Mheitheal um Cheisteanna Idirnáisiúnta Bia agus Talmhaíochta (F.22)<br>- Codex Alimentarius (F.22.d) — Dhá chruinniú den Mheitheal mar ullmhúchán don Choimisiún Codex Alimentarius (CAC 49) | Is í Éire a bheidh ina cathaoirleach uirthi |

---

1 Ní dochar an méid seo do shocruithe malartacha cathaoirleachta le haghaidh cruinnithe comhordúcháin an Aontais ar an toirt.

2 Cf. an liosta de chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle atá in 11901/25.